# Tábla Simplí agus Léaráid Venn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí – sórtáil<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | colúin, sraitheanna, critéar, idirmhír na gcritéar, taobh amuigh den tacar, sórt, sonraí, coitianta, anailísigh, níos mó, níos lú, cá mhéad eile?, Léaráid Venn |
| **Áiseanna** | leathanach bailithe sonraí, teimpléad de Léaráid Venn, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Is gníomhaíocht mholta é seo agus is féidir na critéir maidir le sórtáil a athrú fá choinne cuspóir ar bith.

Mar rang iomlán, úsáideann daltaí tábla simplí (amharc ar an tsampla thíos) le fáil amach na spóirt a imríonn an rang m.sh. Sacar/Peil Ghaelach. Ansin, cuireann daltaí a n-ainmneacha san áit cheart ar an Léaráid Venn de réir faisnéise sa tábla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ansin, cruthóidh na daltaí a Léaráid Venn féin agus sórtálfaidh siad ag úsáid critéir agus ceisteanna a roghnaigh siad iad féin. Ar dtús, baileoidh siad sonraí agus déanfaidh siad taifead orthu i dtábla simplí (féach thíos). Ansin, úsáideann siad an Uirlis Sórtála Mol Mata lena dtorthaí a thaifeadadh ar Léaráid Venn, rud is féidir leo a phriontáil nó a easpórtáil. Ansin, pléann na daltaí a dtorthaí agus seasann siad lena réasúnú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad dalta a imríonn sacar?<br>• Cá mhéad dalta a imríonn Peil Ghaelach?<br>• Cá mhéad dalta a imríonn an dá cheann acu?<br>• Cá mhéad dalta nach n-imríonn sacar ná Peil ghaelach?<br>• An imríonn níos mó/níos lú daltaí Peil ghaelach ná sacar? Cá mhéad níos mó/níos lú? | • Cad é mar a shórtálfaidh muid na daltaí?<br>• Cad é mar a thabharfaidh tú faoin ghníomhaíocht seo?<br>• Cad é mar a bhaileoidh muid an fhaisnéis?<br>• Cad é mar a chuirfidh muid ár dtorthaí i láthair?<br>• Inis dom cad é mar a shórtáil tú na daltaí.<br>• Cad é a d'fhoghlaim muid ón fhaisnéis sa Léaráid Venn seo? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh. ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Athraigh cineál Léaráid Venn ag brath ar thuiscint an dalta. Mar shampla, thig le daltaí sórtáil a dhéanamh ag úsáid ciorcal amháin, dhá nó trí chiorcal.

## Tábla Simplí fá choinne Bailithe Sonraí

| Ainm an Dalta | Peil Ghaelach | Sacar |
|---|---|---|
| Tríona | ✓ | ✓ |
| Caoimhín | ✓ | ✓ |
| Máire | ✓ | |
| Liam | | ✓ |
| Ciara | | |
| Séimí | | ✓ |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Tábla Simplí fá choinne Bailithe Sonraí

| Ainm an Dalta | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Léaráid Venn bunaithe ar Fhaisnéis i dTábla



